
# An Nuacht is Déanaí Faoi Thionscadal Fhostáisiún Bhaile Átha Cliath Láir

## Cuir do thuairim in iúl

Eolas Poiblí



EirGrid



## Cad is Tionscadal Fhostáisiún Bhaile Átha Cliath Láir ann?

Déanann EirGrid eangach leictreachais ardvoltais na hÉireann a bhainistiú, ar eangach í a thugann cumhacht ar fud na tíre ón áit a ngintear í chuig an áit a bhfuil gá léi.

Faoi láthair, faigheann Ceantar Bhaile Átha Cliath Láir a chuid cumhachta ó fhostáisiúin tarchurtha atá ann cheana i bhFionnghlas, sa Rinn agus in Inse Chór. Táthar ag súil go mbainfidh na stáisiúin tarchurtha atá ann cheana barr a dtoillte amach sna blianta amach romhainn.

Tá méadú tagtha ar éileamh Bhaile Átha Cliath ar leictreachas agus leanfaidh sé de bheith ag fás de réir mar a bhogaimid ar aghaidh chuig an méid seo a leanas:

- leictreachas a úsáid le haghaidh teaschaidéil tí,
- tacú le forbairtí nua cónaithe agus tráchtála,
- níos mó feithiclí leictreacha a úsáid, agus
- ár gcuid seirbhísí iompair phoiblí a chumhachtú.

## Cad is fostáisiún ann?

Is cuid lárnach de bhonneagar na heangaí cumhachta é fostáisiún leictreachais. Tógann sé leictreachas ardvoltais ó stáisiúin chumhachta agus laghdaíonn sé é go voltas níos sábháilte, níos ísle. Fágann sé sin gur féidir an chumhacht a tharchur ansin chuig tithe agus chuig gnólachtaí. Cuidíonn fostáisiúin leis an sreabhadh leictreachais a rialú, lena gcinntítear soláthar sábháilte agus seasmhach.

Chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh sin, déanfar fostáisiún nua tarchurtha a thógáil, faoi réir cead pleanála, i gceantar an Phoirt Thoir, agus é mar aidhm go mbeidh sé críochnaithe faoi 2030.

Mar chuid dár n-iarrachtaí suímhanna oiriúnach a shainaithint, rinne EirGrid measúnú ar roinnt suíomh féideartha ar fud an cheantair seo.

Tá roinnt staidéar agus measúnuithe i gceist sa phróiseas seo chun a fháil amach cé acu an suíomh is oiriúnaí. Bhí roinnt láithreán mí-oiriúnach nó bhí a bpleananna féin ag an úinéir talún ábhartha, mar sin roghnaíodh an láithreán seo.

## Buntáistí an Tionscadail

### Eacnamaíocha
Rannchuidiú leis an ngeilleagar réigiúnach agus tacú le hinfheistíocht mhéadaithe sa cheantar.

### Pobal
Sochair phobail a chur ar fáil sna ceantair a éascaíonn bonneagar an tionscadail.

### Áitiúil
Ag cabhrú le freastal ar riachtanais mhéadaithe iompair áitiúil, fostaíochta agus tithíochta.

### Iomaíocht
An costas a bhaineann le leictreachas a bhrú síos.

### Inbhuanaitheacht
Cabhrú le hÉirinn aistriú chuig todhchaí fuinnimh ísealcharbóin.

### Slándáil an tsoláthair
Feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair leictreachais ar fud oileán na hÉireann.




## Cad atá ag tarlú anois?

Reáchtáil EirGrid trí imeacht eolais i gceantar an Phoirt Thoir i mí an Mheithimh 2024 chun na tograí a chur faoi bhráid an phobail. I gcaitheamh na seisiún sin, bhailíomar aiseolas luachmhar uait i ndáil le cuma an stáisiúin, tionchar an fhostáisiúin ar an timpeallacht ghinearálta, cúrsaí sábháilteachta, agus imní faoin leibhéal torainn.

I mí an Mheithimh 2024, d'fhoilsigh EirGrid an Rogha Feidhmíochta is Fearr le haghaidh fostáisiún leictreachais i gceantar an Phoirt Thoir.

Níos déanaí i mbliana, déanfaidh EirGrid iarratas ar chead pleanála d'Fhostáisiún Bhaile Átha Cliath Láir. Sula ndéanaimid amhlaidh, táimid ag lorg ionchur uait maidir leis na gnéithe deireanacha dearaidh.

Sa leabhrán seo, leagtar amach na hathruithe a rinneadh ar na tograí i ndiaidh an aiseolais sin. Tá léirithe coincheap ann freisin, a thaispeánann cóireálacha na mballaí teorann agus na roghanna cumhdaigh atá á mbreithniú ag EirGrid.

**Is é Dé Céadaoin an 9 Iúil an dáta deireanach a ghlacfar le haiseolas.**
Is féidir teacht ar eolas maidir le conas aighneacht a dhéanamh ag bun na cáipéise seo.

# Ag Dul i mBun Gnímh: Ag Dearadh do Chách

Leanann EirGrid gach treoirlíne idirnáisiúnta deachleachtais chun a chinntiú go bhfuil an bonneagar a chuirimid i bhfeidhm sábháilte do dhaoine a chónaíonn gar dó nó do dhaoine a théann thar bráid.

A mhéid agus ab fhéidir, chuireamar an t-aiseolas uait san áireamh agus thugamar aghaidh ar na saincheisteanna a ardaíodh le linn ár rannpháirteachais leis an bpobal.

Táimid ag obair anois chun an dearadh a thabhairt chun críche, agus tá roinnt roghanna á meas againn. Cuirtear na roghanna sin faoi do bhráid sna ranna seo a leanas.




Dearadh Coincheapa

### Torann oibríochtúil

- Athraíodh an leagan amach chun na claochladáin a choinneáil ar chúl, ag laghdú na leibhéil torainn.
- Cuirfear claochladáin i bhfhál coincréite, ag laghdú an aschuir torainn níos mó

### Tionchair amhairc an fhostáisiúin

- D'oibríomar le hailtirí chun foirgneamh uathúil agus níos tarraingtí a dhearadh




### Foirgnimh á mbrú siar ón mballa teorann

### Cuma agus atmaisféar Bhóthar an Phoirt Thoir

- Beimid ag cur tuairimí an phobail san áireamh maidir leis an mballa teorann

## Fís Chomhroinnte:
## An Dearadh Deiridh

Aithníonn EirGrid an tábhacht a bhaineann leis na pobail a óstálann ár mbonneagar. Sula gcuirfimid an dearadh deiridh isteach le haghaidh pleanála, is mian linn do chuid tuairimí a fháil maidir le cuid de ghnéithe amhairc Fhostáisiún Bhaile Átha Cliath Láir, chun ár bpróiseas leantach dearaidh le ESB Networks agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur san áireamh.

Ag bun an bhróisiúir seo, gheobhaidh tú foirm aiseolais is féidir a sheoladh chuig EirGrid saor in aisce le do chuid tuairimí inti.


Sna leathanaigh seo a leanas, tugtar eolas faoi roinnt de na roghanna atá á mbreithniú ag EirGrid do dhearadh deiridh an fhostáisiúin. Áirítear leo sin:

- **Roghanna cumhdaigh i gcás dhá fhoirgneamh an fhostáisiúin**
- **Gnéithe agus cóireálacha don bhalla teorann agus do spás cheantar an phobail ar Bhóthar an Phoirt Thoir**
- **Togra maidir le tionscadal ealaíne pobail**





Dearadh Coincheapa


## Ábharthacht



Leatháin thonnánacha chruach



Alúmanam bréifneach



Sinc

## Tionscadail Tagartha



CTILES Bussy-Saint-Georges, Páras
Cruach Dhosmálta



Fostáisiún Shráid Larkin, San Francisco
Painéil Alúmanam Bréifneach



Ionad Fuinnimh Heatworks, Tamhlacht,
Co. Bhaile Átha Cliath, Sinc

## Cóireáil teorann




Dearadh Coincheapa

## Íomhánna Tagartha



Miotal roctha



Mogall



Fál lannach




Alúmanam

## Tionscadal Ealaíne Pobail

I dteannta na roghanna thuas, moladh eile a rinneadh ná spás a chur san áireamh feadh an bhalla teorann ina gcuirfear tionscadal ealaíne pobail. Oibreoidh EirGrid chun cinneadh a dhéanamh faoi thionscadal oiriúnach in éineacht le seirbhísí áitiúla, tionscadail óige, ealaíontóirí, agus grúpaí pobail chun saothar ealaíne comhoibríoch agus bríoch a fhorbairt.

Tugann tionscadail ealaíne pobail guth do phobail, lena gceadaítear do chónaitheoirí a gcuid taithí, aitheantas, agus dóchas comhroinnte don phobal a léiriú, más seo an rud a chinneann an pobal.



Dearadh Coincheapa



Tionscadal Ealaíne Pobail
Uisce Éireann, Baile Átha Luain

## An chéad chéim eile?

**Imeachtaí Eolais**

Beidh EirGrid ag reáchtáil imeachtaí eolais buail isteach ag Ionad Pobail Sheáin Uí Chathasaigh i gcaitheamh an chomhairliúcháin seo. Leis sin, tabharfar deis dúinn an t-eolas seo a chur faoi do bhráid i bpearsa agus tabharfar deis duitse labhairt le baill d'fhoireann an tionscadail.

Is iad seo a leanas dátaí na n-imeachtaí sin:

**Déardaoin an 26 Meitheamh 4i.n.-8i.n.**

**Dé Luain an 30th Meitheamh 11r.n.-3i.n.**

**Dé hAoine an 4 Iúil 11r.n.-3i.n.**

Is féidir leat buail isteach chuig ár nOifigigh Idirchaidrimh don Phobal, Liz Dillon agus Stephen Quinn, ag ár gclinic neamhfhoirmeálta idirchaidrimh don phobal an 9 Iúil 11r.n.-2i.n. Ní gá coinne a dhéanamh le freastal air.

Cuirfear do chuid aiseolais san áireamh in éineacht le haiseolas ón údarás áitiúil agus ó pháirtithe leasmhara eile. Agus an t-aiseolas ar fad sin tiomsaithe, cuirfidh EirGrid bailchríoch leis an dearadh d'Fhostáisiún Bhaile Átha Cliath Láir. Déanfaimid iarratas ar chead pleanála níos déanaí i mbliana, táthar ag súil go dtosófar ar an tógáil in 2027.

## Cuir do Thuairim in Iúl

Ba mhaith linn do chuid aiseolais a chloisteáil maidir leis na roghanna beartaithe dearaidh a leagadh amach sa bhróisiúr seo. **Is é Dé Céadaoin an 9 Iúil an dáta deireanach a ghlacfar le haiseolas**. Is féidir aighneacht a dhéanamh chuig an gcomhairliúchán agus aiseolas a thabhart ar go leor bealaí.

- Trí fhoirm aiseolais ag ceann dár n-imeachtaí eolais i bpearsa
- Tríd an bhfoirm aiseolais faoi iamh a sheoladh tríd an SaorPhost
- Trí ríomhphost a sheoladh chuig Dublin@EirGrid.ie

Dá mb'fhearr leat aighneacht níos mionsonraithe a dhéanamh trí ShaorPhost, is é seo a leanas ár seoladh:

Tionscadal Fhostáisiún
Bhaile Átha Cliath Láir
SAORPHOST FDN 5312
EirGrid PLC, An tUbhchruth
160 Bóthar Shíol Bhroin
Baile Átha Cliath 4, D04 FW28

Má bhíonn aon cheisteanna eile agat, déan teagmháil lenár nOifigigh tiomnaithe Idirchaidrimh don Phobal.

**Meitheamh/Iúil - comhairliúchán deiridh**

**Samhradh 2025 - iarratas ar chead pleanála**

**2027 – Tús na tógála ( faoi réir cead pleanála )**

**Osclaítear an Ciste Sochair Pobail**

**2027 - 2030 – Tógáil curtha i gcrích**



**Liz Dillon**
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Liz.Dillon@eirgrid.com
087 188 7982



**Stephen Quinn**
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
stephen.quinn2@eirgrid.com
087 001 8084


58

# Foirm Aiseolais

Bíodh an cárta poist seolta ar ais roimh an 9 Iúil chun do thuairim a nochtadh.

Cén ábhair chumhdaigh as na roghanna beartaithe ab fhearr leat a fheiceáil á n-úsáid don tionscadal seo?

An mbeifeá i bhfabhar tionscadal ealaíne pobail ar an mballa teorann?

- ☐ Bheinn
- ☐ Ní bheinn
- ☐ Éiginnte

An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an cóireáil teorann?

An bhfuil aon trácht nó aiseolas ginearálta agat maidir le Tionscadail Fhostáisiún Bhaile Átha Cliath Láir??

Tionscadal Fhostáisiún
Bhaile Átha Cliath Láir
SAORPHOST FDN 5312
EirGrid PLC, An tUbhchruth
160 Bóthar Shíol Bhroin
Baile Átha Cliath 4, D04 FW28

EirGrid